# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/540 ÓN gCOIMISIÚN

## an 26 Márta 2021

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe fógra a thabhairt, seiceálacha a dhéanamh ar an láthair i dtaca le hiarratais ar chabhair beostoic agus éilimh ar íocaíocht faoi bhearta tacaíochta atá bainteach le hainmhithe, agus maidir leis an iarratas aonair a chur isteach, le hiarratais ar chabhair a chur isteach nó le héilimh ar íocaíocht a chur isteach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe pointí (a) agus (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(2) de agus pointí (b) agus (c) den chéad mhír d'Airteagal 78 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún ([2]), tá na Ballstáit le fógra a thabhairt don Choimisiún faoin 15 Iúil gach bliain maidir le tuarascáil i leith na mbeart a dhéantar le haghaidh riar agus rialú na tacaíochta cúpláilte deonaí maidir leis an mbliain féilire roimhe sin. Is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil an ceanglas atá ann faoi láthair maidir le fógra bliantúil ar na bearta sin imithe i léig sa chóras comhtháite riaracháin agus rialúcháin reatha. Ar mhaithe le simpliú, ba cheart an ceanglas sin a scriosadh.

(2) I gcás ina ndéantar seiceálacha trí bhíthin faireacháin, i gcomhréir le hAirteagal 40a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, faigheann na Ballstáit faisnéis a d'fhéadfadh neamhchomhlíontachtaí féideartha a léiriú le haghaidh scéimeanna cabhrach agus bearta tacaíochta faoi réir seiceálacha ar an láthair tipiciúla. Ba cheart an fhaisnéis sin a úsáid chun comhlíonadh a dhéanamh agus chun cruinneas na sonraí sa chóras bainistíochta agus rialúcháin a fheabhsú. Ina theannta sin, ba cheart an deis a thabhairt do thairbhithe a n-iarratas aonair, a n-iarratas ar chabhair nó a n-éilimh ar íocaíocht a leasú chun míchruinnis a cheartú agus chun pionóis a sheachaint. Ar mhaithe le simpliú agus cinnteacht mhéadaithe, ba cheart sin a léiriú in Airteagal 11(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014.

(3) Is léir ón taithí a fuarthas gur cheart níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit i socrú na ndátaí deireanacha maidir leis an iarratas aonair, le hiarratais ar chabhair nó le héilimh ar íocaíocht a chur isteach dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 chun a gcúinsí sonracha, go háirithe dálaí aeráide agus aimsire atá ag athrú go tapa a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcur chuige maidir le dátaí chun leasuithe a chur isteach dá dtagraítear in Airteagal 15(2) den Rialachán sin.

(4) I gcás ina gcuireann Ballstát an córas gan éileamh i bhfeidhm, ba cheart na tairbhithe a chur ar an eolas gur cheart neamhchomhlíontachtaí na n-ainmhithe uile a d'fhéadadh a bheith incháilithe maidir leis an gcóras sainaitheanta agus clárúcháin le haghaidh ainmhithe buaibheacha, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair a chur san áireamh chun tacaíocht pionós riarachán a ríomh agus chun pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ba cheart cásanna neamhcomhlíontachta a mheasúnú i bhfianaise na rialacha sonracha a leagtar amach in Airteagal 30(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 ón gCoimisiún ([3]), agus i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán sin maidir le pionóis riaracháin a fhorchur.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe, bearta forbartha tuaithe agus traschomhlíontacht (IO L 227, 31.7.2014, lch. 69).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialúcháin agus leis na cúinsí faoina ndiúltófar nó faoina n-aistarraingeofar íocaíochtaí agus pionóis riaracháin is infheidhme maidir le híocaíochtaí díreacha, tacaíocht d'fhorbairt tuaithe agus tras-chomhlíonadh (IO L 181, 20.6.2014, lch. 48).

(5) Ós rud é go bhféadfadh na méideanna a mbeadh na seiceálacha leantacha a cheanglaítear faoi Airteagal 33a(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 bainteach leo a bheith an-bheag, ach san am céanna go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le hualach riaracháin díréireach, ba cheart a cheadú do na Ballstáit líon na bhfeirmeoirí atá le bheith faoi réir na seiceálacha leantacha sin a theorannú. Chun na críche sin, ba cheart an tairseach maidir le cinneadh gan aisghabháil a lorg dá bhforáiltear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a úsáid, mar thagarmharc trédhearcach agus neamh-idirdhealaithe.

(6) Is léir ón taithí a fuarthas go bhféadfadh níos mó ná dhá bhliain a bheith i gceist chun seiceálacha trí bhíthin faireacháin a dhéantar faoi Airteagal 40a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 a chéimniú isteach, ag brath ar mhéid an limistéir atá i gceist nó castachtaí an phróisis. Dá bhrí sin, ba cheart do Bhallstáit níos mó ama a cheadú chun dul i dtreo chur i bhfeidhm na seiceálacha sin ar a gcríoch de réir a chéile.

(7) Chun cúnamh níos fearr a thabhairt do na Ballstáit in ullmhú a gcuid cinntí maidir le seiceálacha trí bhíthin faireacháin a chur i bhfeidhm, tá gá le ham breise chun na fógraí ábhartha a ullmhú. Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an sprioc-am chun na fógraí sin a chur isteach, i ndáil leis na seiceálacha ar choinníollacha incháilitheachta agus i ndáil le tras-chomhlíonadh araon.

(8) Ionas go mbeidh na seiceálacha ar an láthair éifeachtach maidir le scéimeanna atá bainteach le hainmhithe, is gá a áirithiú, i gcás nach gcuireann Ballstát tréimhse choinneála i bhfeidhm nó nach féidir an tréimhse choinneála a shocrú roimh ré nó ina dtosaíonn an tréimhse choinneála sula gcuirtear isteach iarratas ar chabhair nó ar éileamh íocaíochta, go bhfuil na seiceálacha sin le déanamh le linn na tréimhse inar féidir le hainmhithe cáiliú d'íocaíocht nó tacaíocht. Sa bhreis air sin, ba cheart a shoiléiriú in Airteagal 42(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 go bhfuil feidhm ag an oibleagáid sin chomh maith i leith seiceálacha ar an láthair a dhéantar mar gheall ar mhéadú ar an ráta rialála mar a leagtar amach in Airteagal 35 den Rialachán sin, i gcás inarb ábhartha.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 a leasú dá réir.

(10) Chun éifeachtacht uasta na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith aige maidir le hiarratais ar chabhair, iarratais ar thacaíocht agus éilimh ar íocaíocht a chuirtear isteach le haghaidh blianta éilimh nó le haghaidh tréimhsí préimhe dar tús an 1 Eanáir 2021.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Íocaíochtaí Díreacha agus ón gCoiste Forbartha Tuaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, scriostar mír 3;

(2) sa chéad fhomhír d'Airteagal 11(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt agus an tríú abairt:

"Tabharfar fógra faoi na torthaí do na tairbhithe ar bhealach tráthúil chun tacú leo i gcomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta, na ngealltanas agus na n-oibleagáid eile. Féadfaidh na Ballstáit na torthaí sealadacha a úsáid ar leibhéal na dáileachta dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 40a(1) mar fhaisnéis atá ábhartha i gcás réamhsheiceálacha le haghaidh scéimeanna cabhrach agus bearta tacaíochta nach bhfuil faoi réir seiceálacha trí bhíthin faireacháin. I gcás ina gcinneann Ballstát é sin a dhéanamh, ní bheidh feidhm ag Airteagal 40a(4) i leith na faisnéise a thugtar fógra maidir léi do na tairbhithe faoi chuimsiú na réamhsheiceálacha.";

(3) sa chéad fhomhír d'Airteagal 13(1), scriostar an dara habairt agus an tríú abairt;

(4) in Airteagal 15, leasaítear mír 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Ní mór leasuithe arna ndéanamh i gcomhréir le mír 1 a fhógairt don údarás inniúil faoin dáta deireanach arna shocrú ag an mBallstát.";

(b) sa dara fomhír, scriostar an chéad abairt;

(5) sa tríú fomhír d'Airteagal 21(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) gurb eol don tairbhí, maidir le haon ainmhí a d'fhéadfadh a bheith incháilithe a chinntear nach bhfuil sé sainaitheanta nó cláraithe i gceart sa chóras sainaitheanta agus clárúcháin le haghaidh ainmhithe, go ndéanfar é a chomhaireamh mar ainmhí neamhchinntithe i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014, mura gcumhdaítear é leis na rialacha sonracha a leagtar amach in Airteagal 30(4) den Rialachán sin.";

(6) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 33a(1):

"Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh tairbhithe a eisiamh ó na seiceálacha leantacha sin ar an láthair, ar tairbhithe iad a gcomhfhreagraíonn a bpionóis riaracháin laghdaithe do na méideanna a bhféadfaidh Ballstáit a chinneadh gan aisghabháil a lorg ina leith i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.";

(7) in Airteagal 40a(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Féadfaidh an t-údarás inniúil cinneadh seiceálacha trí bhíthin faireacháin a chur i bhfeidhm ar thairbhithe scéime cabhrach nó ar thairbhithe bearta tacaíochta i limistéir arna roghnú ar bhonn critéir oibiachtúla agus neamhidirdhealaitheacha. Leathnóidh an t-údarás inniúil na réimsí sin go mór gach bliain as a chéile.";

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 40b:

"*Airteagal 40b*

**Fógraí**

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 1 Feabhra gach bliain de gach bliain féilire maidir lena gcinneadh seiceálacha trí bhíthin faireacháin a dhéanamh sa bhliain féilire sin agus sonróidh siad na scéimeanna nó na bearta nó na cineálacha oibríochtaí uile agus na réimsí uile atá faoi réir na seiceálacha trí bhíthin faireacháin.

Faoin 1 Samhain gach bliain féilire soláthróidh an Coimisiún teimpléad maidir leis na fógraí a chur isteach ina sonrófar na gnéithe atá le háireamh san fhógra sin.";

(9) in Airteagal 42(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Áit a bhfuil tréimhse sainithe ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 21(1)(d) ní mór go mbeadh ar a laghad 50 % de na seiceálacha ar an láthair dá bhforáiltear in Airteagail 32, 33 agus 35 faoi seach scaipthe ar fud na tréimhse sin don scéim cabhrach ainmhithe nó don bheart tacaíochta faoi seach atá bainteach le hainmhithe. Mar sin féin, i gcás nach gcuirtear tréimhse choinneála i bhfeidhm, i gcás nach féidir an tréimhse choinneála a shocrú roimh ré nó i gcás ina dtosaíonn an tréimhse choinneála sular cuireadh iarratas ar chabhair nó éileamh ar íocaíocht isteach, scaipfear na seiceálacha ar an láthair uile dá dtagraítear in Airteagail 32, 33 agus 35 thar an tréimhse ina bhféadfaidh an t-ainmhí cáiliú don íocaíocht nó don tacaíocht.";

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 70b:

"*Airteagal 70b*

**Fógraí**

Cuirfidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 1 Feabhra den bhliain féilire ina dtosaíonn siad ag déanamh seiceálacha trí bhíthin faireacháin maidir lena gcinneadh seiceálacha trí bhíthin faireacháin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 70a.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige maidir le hiarratais ar chabhair, iarratais ar thacaíocht agus éilimh ar íocaíocht a chuirtear isteach le haghaidh blianta éilimh nó le haghaidh tréimhsí préimhe dar tús an 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN